# Struchtúr Abairte

(Scoil lán-Ghaeilge)

## Cúlra

Sa Sampla seo feicimid rang a cúig i scoil lán-Gaeilge. Tá 22 páiste sa rang agus tá réimse leathan riachtanas teanga ann. Chuir an múinteoir an leabhrán 'Cnuasach Teanga' le chéile chun tacú le riachtanais teanga na bpáistí ar fad agus chun foghlaim fhéinstiúrtha a éascú sna heispéiris foghlama. Is í an Ghaeilge teanga na scoile agus is dual do na páistí díriú ar bhrí na teanga, agus theastaigh ón múinteoir iad a spreagadh chun aird a thabhairt ar fhoirm na teanga ar bhonn córasach chomh maith. Dhírigh sé ar ord na bhfocal toisc go bhfuil **struchtúr abairte sa Ghaeilge** éagsúil leis an mBéarla, gné a chruthaíonn deacracht agus páistí ag sealbhú na teanga. Chun cothromaíocht a chinntiú idir brí agus foirm, díríonn an múinteoir ar **stór focal na bpáistí a leathnú** ag an am céanna.

### Na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do scoil meán-Bhéarla

Cé gur Sampla é seo ó scoil lán-Ghaeilge, d'fhéadfaí cuid de na gníomhaíochtaí/na háiseanna/na cuir chuige a fheictear san fhíseán a úsáid le rang i scoil meán-Bhéarla, ag tabhairt riachtanais na bpáistí san áireamh. Is acmhainn iad gach teanga, an Béarla, an Ghaeilge agus teangacha baile eile, chun feasacht teanga a fhorbairt i measc páistí.



## Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim


San fhíseán seo, tá deis ag na páistí aird a dhíriú ar struchtúr agus ar fhoirm na Gaeilge ar bhonn córasach. Ullmhaíonn siad abairtí cruinne agus cuireann siad i láthair iad. Tá an snáithe Teanga ó Bhéal lárnach cé go bhfuil an Scríbhneoireacht agus an Léitheoireacht fite fuaite ann chomh maith.

Baineann an múinteoir úsáid as réimse leathan oideolaíochtaí éagsúla lena n-áirítear **an cur chuige cumarsáideach**, **foghlaim chomhoibritheach**, aird ar **fhoirm agus comhréir na teanga** agus leas á bhaint as **cumais ilteangach** na bpáistí.

Agus é ag tarraingt ar an gcur amach atá aige ar na páistí, ar a riachtanais agus ar a réamhfhoghlaim, chuaigh an múinteoir i mbun ullmhúcháin don eispéireas foghlama seo. Áirítear leis an **ullmhúchán dofheicthe** a dhéanann sé na hidirghníomhaíochtaí ó nóiméad go nóiméad leis na páistí agus na breathnuithe a dhéanann sé ina leith maidir le **hanailís ar na hearráidí cainte** a dhéantar, mar aon leis na comhráite a bhíonn aige le múinteoirí eile lena n-áirítear an Múinteoir Oideachais Speisialta.


Áirítear leis an **ullmhúchán infheicthe** a dhéanann an múinteoir **na hacmhainní a chruthaigh sé** chun tacú le riachtanais teanga na bpáistí ar fad agus chun foghlaim fhéinstiúrtha a chur i gcrích sna heispéiris foghlama, ar nós an leabhrán 'Cnuasach Teanga', na híomhánna don tasc agus an cluiche ar *Wordwall*. San **ullmhúchán taifeadta** a dhéanann sé, dírítear ar na Torthaí Foghlama i gcomhréir leis na Contanaim Dul chun Cinn. Tagann na Torthaí Foghlama a roghnaíodh thíos ón snáithe Teanga ó Bhéal.

| Torthaí Foghlama | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| **TF 4:** Struchtúr abairte agus gramadach | Léireoidh na páistí tuiscint ar úsáid chuí na gramadaí. |
| **TF 5:** Stór focal | Spreagfar na páistí le stór leathan focal, frásaí agus teanga fháthchiallach a roghnú, a úsáid go criticiúil agus a chur os comhair lucht éisteachta |



De réir mar atá na páistí ag iarraidh na Torthaí Foghlama seo a bhaint amach agus iad i mbun éispéiris shaibhre foghlama teanga, bíonn **príomhinniúlachtaí** á bhforbairt acu ag an am céanna, mar atá leagtha amach i gCreatchuraclam na Bunscoile. Aithnítear anseo na príomhinniúlachtaí is ábhartha san eispéireas foghlama seo:

- A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid tríd téacsanna éagsúla a chruthú agus a iniúchadh
- A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach tríd scileanna agus straitéisí meiteachognaíocha a fhorbairt




# An Tréimhse Luathchumarsáide

Sa tréimhse luathchumarsáide, **spreagtar na páistí chun foghlama**, déantar **dul siar** ar nithe ábhartha atá ar eolas ag na páistí agus **déantar iniúchadh ar an teanga nua** a bheidh in úsáid ag na páistí chun an tasc a dhéanamh níos déanaí sa cheacht.

## Dul siar

Bhí an-chuid réamhoibre déanta ag an múinteoir leis an rang ar chodanna cainte éagsúla agus tá an rang in ann réimse leathan de chodanna éagsúla a aithint agus a ainmniú. Tá siad in ann na rialacha agus na hathruithe éagsúla a bhaineann leo a mhíniú. Sa chuid seo den eispéiris foghlama, rinneadh dul siar ar na codanna cainte sin ar dtús chun **réamheolas na bpáistí a ghníomhú**. Díríodh aird na bpáistí ar na codanna cainte seo a leanas:

- briathra san aimsir chaite
- ainmfhocail agus inscne
- aidiachtaí
- dobhriathra

## Ionchur ar Struchtúr Abairte na Gaeilge

Ansin, tharraing an múinteoir na codanna cainte le chéile chun struchtúr na habairte a fhiosrú ar leibhéal níos doimhne trí abairtí cruinne a ullmhú agus a chur i láthair. **I gcomhair leis na páistí**, cumadh abairt chruinn shaibhir ag díriú ar **struchtúr na habairte agus ar bhrí na habairte** araon. Bíonn **múineadh follasach** agus **cleachtadh** ina ndlúthchuid den chuid seo den cheacht ionas go mbeidh na páistí in ann tabhairt faoi le linn na tréimhse cumarsáide. **Múnlaíonn** an múinteoir an chaoi a bhaineann sé úsáid as **Balla an Mhúinteora** atá cruthaithe aige leis na páistí le mí anuas agus spreagann sé na páistí leis an g**Cnuasach Teanga** a úsáid.

# An Tréimhse Chumarsáide

Sa tréimhse chumarsáide, tugann an múinteoir tasc cumarsáideach do na páistí. Bíonn deis ag na páistí úsáid a bhaint as an tuiscint atá acu ar struchtúr abairte na Gaeilge agus codanna na teanga chun an tasc a dhéanamh i ngrúpaí.

## Cleachtadh ar Struchtúr Abairte na Gaeilge

Ina dhiaidh sin, iarradh ar na páistí oibriú i ngrúpaí chun trí abairt a chumadh ag baint úsáid as na codanna cainte éagsúla agus an tuiscint atá acu ar struchtúr abairte agus gramadach na Gaeilge. Cumadh abairtí, bunaithe ar íomhánna, ag iarraidh cothromaíocht idir brí agus foirm a chinntiú. Bhí go leor **plé, fiosrú agus forbairt teanga** ar siúl agus na páistí i mbun an taisc iad féin. San fhíseán seo, feictear na páistí ag ceistiú a chéile faoi **ghnéithe den ghramadaí** agus ag spreagadh a chéile le **stór leathan focal** a roghnú. Cuireadh **scafall** amhail **piaraí, an Cnuasach Teanga** agus **Balla an Mhúinteora** ar fáil do na páistí leis an **tacaíocht chuí** a thabhairt dóibh agus **féinmheasúnú a éascú**. Chuaigh an múinteoir ó ghrúpa go grúpa chun tuiscint na bpáistí ar ghnéithe den struchtúr abairte agus gramadach a fhiosrú trí **chomhdháil,** trí **cheistiúchán** agus trí **aiseolas**. Mhínigh na páistí na hathruithe a bhí le sonrú agus thug sé sin léargas don mhúinteoir ar leibhéal tuisceana na bpáistí. Úsáidfidh sé an t-eolas sin chun **na chéad chéimeanna eile** san fhoghlaim a aithint.

## Páistí ag roinnt a gcuid oibre

Tá sé tábhachtach deis a thabhairt do pháistí a **gcuid oibre a roinnt** agus cuireann an seomra ranga **timpeallacht thacúil shábháilte** ar fáil. San fhíseán seo roinn na páistí na habairtí le chéile agus bhí deis ag an rang struchtúr na n-abairtí a chum na páistí a phlé faoi stiúir an mhúinteora.

# An Tréimhse Iarchumarsáide

Sa tréimhse iarchumarsáide seo, bhí deis ag na páistí machnamh a dhéanamh ar na struchtúir atá díreach fiosraithe acu agus an fhoghlaim a dhaingniú.

## Daingniú na foghlama (Wordwall)

Moltar deiseanna a thabhairt do pháistí an struchtúr abairte a chleachtadh go minic i gcomhthéacsanna éagsúla chun tacú leo é a shealbhú. Sa chuid seo den eispéireas foghlama, d'imir na páistí cluiche ar Wordwall ag cleachtadh an struchtúir an athuair le hionchur saibhrithe.



## Feasacht teanga

Is fiú agus is cóir páistí a spreagadh chun **cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha a aimsiú** d'fhonn tairbhe a bhaint as an **gcumas ilteangach** atá acu. San fhíseán seo, dhírigh an múinteoir **aird na bpáistí go follasach** ar an difríocht atá idir ord na bhfocal in abairtí Gaeilge seachas in abairtí Béarla. Baineann sé úsáid as an gcur chuige céanna chun struchtúr abairte an Bhéarla a fhiosrú chomh maith agus tacaíonn sé le feasacht teanga na bpáistí agus machnamh a dhéanamh orthu féin mar fhoghlaimeoirí teanga.

**Struchtúr abairte:**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gaeilge** | **Briathar** Rith | **Alt** an | **Ainmfhocal** fear | **Aidiacht** aclaí | **Dobhriathar** go tapa. |
| **Béarla** | **Article** The | **Adjective** athletic | **Noun** man | **Verb** ran | **Adverb** quickly. |

## Léiriú ar an bhFoghlaim

Léiríodh san fhíseán seo **measúnú iomasach** ar bhonn leanúnach i rith an eispéiris foghlama **trí cheistiúchán agus trí phlé.** Bhain an múinteoir úsáid as **comhdháil** le linn obair ghrúpa chun leibhéal tuisceana na bpáistí a mheas agus aiseolas a thabhairt dóibh ar na **samplaí oibre**. Cuireann an Cnuasach Teanga ar chumas na bpáistí **féinmheasúnú** a dhéanamh ar a gcuid tuisceana ar chodanna cainte agus ar struchtúr abairte na Gaeilge.

# Ceisteanna Machnaimh

1. Cén chaoi ar thacaigh an plé a bhí idir na páistí ar chodanna cainte agus struchtúr abairte na Gaeilge lena bhforbairt teanga?
2. Léirigh an físeán seo eispéireas foghlama a bhí tarraingteach agus páistí a bhí spreagtha chun dul i mbun foghlama. An bhfuil gnéithe den eispéireas foghlama seo go bhféadfá a chur i bhfeidhm i do chleachtas féin?
3. Tugann machnamh na bpáistí sa Sampla seo le fios go raibh tacaíocht acu le linn an eispéiris foghlama. Cén chaoi ar chinntigh an múinteoir go mbeadh tacaíocht chuí ar fáil sna heispéiris éagsúla?
4. Dhírigh an múinteoir aird na bpáistí ar fheasacht teanga. Céard iad na buntáistí a chuireann feasacht teanga ar fáil dar leat agus na páistí ag plé le Gaeilge, Béarla agus teangacha eile?

Le féachaint ar an bhfíseán a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo cliceáil anseo.